Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13106/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011 (NLE)**

**SOC 613**
**EMPL 439**
**SAN 523**
**GENDER 180**
**ANTIDISCRIM 162**
**FREMP 245**
**ILO 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 153(2) i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a), Airteagal 157(3) agus Airteagal 218(6), pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2019, ag an 108ú seisiún a bhí aige, ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair Coinbhinsiún Uimh. 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le díothú an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre, 2019 ar Coinbhinsiún é a bhféadfar an Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (‘an Coinbhinsiún’) a ghairm de.

(2) Bíonn an tAontas ag obair chun go ndaingneofar coinbhinsiúin idirnáisiúnta saothair atá cothrom le dáta de réir aicmiú EIS chun obair chuibhiúil do chách, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus comhionannas inscne a chur chun cinn, chomh maith le hidirdhealú a chomhrac.

(3) Tagann an Coinbhinsiún faoi inniúlacht chomhroinnte an Aontais. Leagtar íoscheanglais síos le rialacha ábhartha an Aontais atá ann cheana agus le forálacha an Choinbhinsiúin. Níl baol ann go ndéanfaidh an Coinbhinsiún difear do rialacha an Aontais atá ann cheana ná go n-athróidh sé raon feidhme na rialacha sin.

(4) Meastar gurb iomchuí don Aontas a inniúlacht a fheidhmiú maidir leis na codanna sin den Choinbhinsiún a bhaineann go sonrach le feabhas a chur ar an timpeallacht oibre chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe agus comhionannas idir fir agus mná a chosaint i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, a mhéid a bhfuil rialacha an Choinbhinsiún sin glactha ag an Aontas.

(5) Ní féidir leis an Aontas an Coinbhinsiún a dhaingniú toisc gur do Stáit agus do Stáit amháin is ceadmhach bheith ina bpáirtithe ann.

(6) Sa chás sin, is féidir inniúlacht sheachtrach an Aontais a fheidhmiú trí na Ballstáit ag gníomhú mar idirghabhálaithe.

(7) Thacaigh Ballstáit uile an Aontais le cuspóirí an Choinbhinsiúin agus bhí ról lárnach acu maidir lena ghlacadh. Sa chomhlacht trípháirteach a mhol an Coinbhinsiún le haghaidh glacadh, níor vótáil aon Bhallstát ina choinne agus níor staon aon Bhallstát.

(8) Ba cheart iarraidh ar na Ballstáit na codanna sin den Choinbhinsiún a bhaineann go sonrach le feabhas a chur ar an timpeallacht oibre chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe agus comhionannas idir fir agus mná a chosaint i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, a mhéid a bhfuil rialacha an Choinbhinsiún sin glactha ag an Aontas, a dhaingniú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais náisiúnta agus bhunreachtúla is infheidhme agus le hAirteagal 19(5) de Bhunreacht EIS,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 a dhaingniú i dtaca leis na codanna sin a bhaineann go sonrach le feabhas a chur ar an timpeallacht oibre chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe agus comhionannas idir fir agus mná a chosaint i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha faoi Airteagal 153 (1), pointe (a), Airteagal 153 (2), agus Airteagal 157 (3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh .

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*